An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2014

www.antudaraspinsean.ie

CLÁR NA nÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh 2
An tÚdarás Pinsean 4
Cuspóirí an Údaráis a bhaint amach 5
Coistí an Údaráis 8
Eagraíocht éifeachtach a rith 9
Foireann an Údaráis Pinsean 10

NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014 11
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais 12
Ráiteas maidir le freagrachtaí an Údaráis 13
Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais 14
Ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta 15
An cuntas ioncaim agus caiteachais 17
An clár comhardaithe 18
An ráiteas sreabhaidh airgid 19
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 20

Aguisín I *Coistí an Údaráis* 28
Aguisín II *Rialáil* 29
Aguisín III *Príomhthascairí feidhmíochta* 31
Aguisín IV *Ionchúisimh a raibh an tÚdarás Pinsean páirteach iontu in 2014* 32
Aguisín V *Ballraíocht i scéimeanna pinsin ceirde agus i gcuntais coigiltis scoir phearsanta* 33

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Pinsean ("an tÚdarás") a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2014 de réir Alt 23(2) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá tugtha sa tuarascáil bhliantúil seo breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta ag an Údarás le bliain anuas.

D'fhoilsigh an tÚdarás Pinsean a Athbhreithniú Bliantúil ar 2014 ar an 14 Aibreán 2015, rud ina bhfuil léargas ginearálta tugtha ar na gníomhaíochtaí a tharla in 2014 agus súil chun cinn caite ar 2015. Tá cuntas tugtha san Athbhreithniú ar phríomhghníomhaíocht rialála an Údaráis i gcaitheamh 2014, chomh maith le súil chun cinn ar na saincheisteanna tábhachtacha is dócha a thiocfaidh chun cinn i saol na bpinsean in 2015. Tá an t-athbhreithniú le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis[1].

Cuireadh an t-athrú ón mBord Pinsean go dtí an tÚdarás Pinsean i gcrích go rathúil go luath in 2014. Thug an t-éacht seo deis iontach don eagraíocht breathnú ar réimse agus ar dhoimhneacht na ngníomhaíochtaí a ndéanaimid plé leo d'fhonn a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht a bharrfheabhsú. Is mar thoradh air seo gur chuireamar leis an réimse gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanaimid, go bhfuilimid níos dírithe anois ar mholtaí praiticiúla i gcomhair athchóiriú earnáil na bpinsean, agus go gcuirimid níos mó treorach ar fáil d'iontaobhaithe scéime, go háirithe ó thaobh an rialachais de. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh mar chuid den athbhreithniú iomlán a dtabharfar faoi sa dara leath de 2015, rud a n-eascróidh straitéis nua don eagraíocht as agus a chuimseoidh athbhreithniú ar na réimsí a ndéanann an eagraíocht plé leo, ar ár gcur chuige maoirseachta, agus ar an gcaoi a ndéanaimid beartais a fhorbairt.

Déanann an tÚdarás maoirseacht ar chomhlíonadh Acht na bPinsean ag iontaobhaithe scéime, ag soláthróirí Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP), ag Riarthóirí Cláraithe, agus ag fostóirí ós rud é gurb iadsan na daoine atá freagrach as thart ar 150,000 scéim chláraithe a bhfuil breis is 730,000 ball ghníomhacha iontu, a bhfuil níos mó ná €80 billiún i sócmhainní infheistíochta i gceist leo, agus as breis is 226,000 conradh aonair CCSP, a bhfuil níos mó ná €4.6 billiún i sócmhainní infheistíochta[2] i gceist leo.

Gníomhaíocht rialála

Thug an tÚdarás faoi réimse leathan gníomhaíochta rialála i gcaitheamh 2014. De réir an nóis atá againn athscrúdú a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí, cuireadh le réimse na dtionscnamh rialála d'fhonn tuilleadh saincheisteanna comhlíonta a chur faoi chaibidil. Bhí an cinneadh seo bunaithe ar an anailís a rinneamar ar cé chomh forleathan agus a bhí an neamh-chomhlíonadh agus ar cén sórt neamh-chomhlíonta a bhí i gceist leis sin, agus ar fhorbairt idirghabhálacha rialála nua a chuathas i ngleic leis na saincheisteanna féideartha a bhí sainaitheanta. Leanfar leis an gcur chuige seo i leith ár gcleachtas rialála a mhionchoigeartú chun feabhais, bunaithe ar anailís agus ar fhaisnéis a bhailiú ón margadh, in 2015.

Bhí líon na bhfiosrúchán foirmeálta ar cuireadh tús leo, .i. 75, beagnach cothrom le líon na bhfiosrúchán a cuireadh i gcrích. Mar a bhí i mblianta roimhe, bhain formhór na bhfiosrúchán seo le teip líomhnaithe ar fhostóirí ranníocaíochtaí pinsin a íoc lena scéim pinsin. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar staid eacnamaíochta na tíre, níl aon laghdú tagtha ar líon na gcásanna seo. Ní léiríonn an figiúr seo ach sciar an-bheag de líon iomlán na bhfostóirí a dhéanann urraíocht ar scéimeanna pinsin ceirde, ach ní mór an sólás é sin do na daoine a bhfuil méid suntasach airgid caillte acu, agus coinneoimid orainn ag déanamh ár seacht ndícheall le rudaí a chur ina gceart mar bheart práinne dá bhrí sin.

Tugadh 30 cás ionchúisimh chun críche in 2014. D'éirigh leis an Údarás ciontuithe a bhaint amach i 19 gcás. Deonaíodh buntáiste an Achta Promhaidh ar na cosantóirí i gcúig chás eile agus scriosadh amach sé chás eile ós rud é gur íocadh na riaráistí a bhí amuigh[3].

[1] http://www.pensionsauthority.ie/en/News_Press/News_Press_Archive/Annual_Review_2014_and_2015_forward_look_report.pdf
[2] Féach Aguisín V
[3] Féach Aguisín IV

Táimid den tuairim gur léir go bhfuil ag éirí go maith leis an gcleachtas ionchúisimh seo, a bhfuil sé mar aidhm aige rudaí a chur ina gceart, nuair is féidir, ach daoine eile a chur óna leithéid de rud a dhéanamh arís ag an am céanna. Braitheann ár ngníomhaíocht rialála ar na hiniúchtaí a dhéanaimid, ach ar sceithirí chomh maith, a chuireann fadhbanna ar ár súile dúinn trí fhianaise ar éagóir fhéideartha a chur ar fáil dúinn. Táimid an-bhuíoch de na sceithirí seo a thug deis dúinn cásanna a fhiosrú agus iarracht a dhéanamh fadhbanna a réiteach.

Cuireann an tÚdarás foireann táscairí monatóireachta ar fáil ar bhonn bliantúil a mheasann gníomhaíocht agus torthaí, chomh maith le foireann eochairtháscairí feidhmíochta atá dírithe ar thorthaí[4].

Beartas agus treoir

Chuir ar fhoghlaimíomar ónár gcuid oibre rialála agus ónár gcuid cumarsáide leo siúd a bhfuil baint acu le cúrsaí pinsin, chuir sé bonn eolais faoi obair bheartais an Údaráis in 2014. De réir an nóis atá againn athscrúdú a dhéanamh ar fhócas ár gcuid oibre, is iomaí tionscnamh tábhachtach athchóirithe pinsean a cuireadh ar bun le linn na bliana agus leanfaidh siad ar aghaidh amach anseo.

Mhéadaigh an méid treorach a cuireadh ar fáil d'iontaobhaithe scéim pinsin agus líon na dtionscnamh cáipéisí samplacha mar thoradh ar na tionscnaimh bheartais seo. Leagtar amach ina leithéid de thionscnaimh teimpléid agus samplaí ar féidir le hiontaobhaithe úsáid a bhaint astu le cabhrú leo a ndualgais a chomhlíonadh.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá léirithe i ráitis airgeadais an Údaráis barrachas €147,000 don bhliain 2014 i gcomparáid le heasnamh buiséadaithe €800,000. D'eascair an t-easnamh beartaithe seo as an laghdú ar na táillí ar scéimeanna ceirde a cuireadh i bhfeidhm in 2011, rud a bheartaigh an tÚdarás a dhéanamh de bharr gur aithin sé gur buaileadh buille trom ar fhormhór na scéimeanna pinsin le linn an chúlaithe eacnamaíochta agus d'fhonn an méid airgid a bhí i dtaisce aige, a carnadh le himeacht 10 mbliana, a laghdú. Bhí na torthaí don bhliain 2014 ní b'fhearr ná mar a bhíothas ag súil leo ar chúiseanna éagsúla: bhí líon na mball foirne ní b'ísle ná mar a ceapadh a bheadh toisc go raibh moill ar fholúntais a líonadh; chaith an tÚdarás ní ba lú airgid ar an tsainchomhairleoireacht sheachtrach ná mar a ceapadh a chaithfeadh; agus fuarthas ní ba mhó fáltais táille ná mar a ceapadh a gheofaí. Is mór againn an méadú seo atá tagtha ar na fáltais go háirithe.

Tacaíocht don Údarás

Bhaineamar leas as an dea-chaidreamh oibre atá againn lenár gcuid comhghleacaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí arís eile i mbliana agus is maith is eol dúinn a thábhachtaí agus atá an caidreamh seo lenár gcomhchuspóirí a chomhlíonadh. Tá buíochas ó chroí ag dul don Aire agus dá hoifigigh dá bhrí sin.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le Coiste Gnó an Údaráis as a gcuid sároibre, saineolais, agus tiomantais; leis an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta as an méid a rinne siad ina ról dearbhaithe rialachais; agus le mo chuid comhghleacaithe san Údarás as an méid eolais agus tuairimí a chuir siad ar fáil.

Jane Williams
Cathaoirleach

[4] Féach Aguisíní I agus III

AN tÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus beirt ghnáth-chomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad comhaltaí an Údaráis Pinsean:

Jane Williams (Cathaoirleach)
Comhpháirtí Bainistíochta
Sia Partners

Anne Vaughan
Leas-Rúnaí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
(Ionadaí don Aire Coimirce Sóisialaí)

Ann Nolan
An Dara Rúnaí
An Roinn Airgeadais
(Ionadaí don Aire Airgeadais)

Bhí an Dr. Orlaigh Quinn, Rúnaí Cúnta, an Roinn Coimirce Sóisialaí (Ionadaí don Aire Coimirce Sóisialaí) ina comhalta den Údarás ón 7 Márta 2014 go dtí an 12 Bealtaine 2014 agus d'éirigh sí as ar an 12 Bealtaine tar éis di bogadh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cheap an tAire Anne Vaughan, Leas-Rúnaí, an Roinn Coimirce Sóisialaí, ar an 14 Bealtaine 2014.

Thionóil an tÚdarás Pinsean seacht gcruinniú ó cuireadh ar bun é i mí an Mhárta 2014 go dtí deireadh mhí na Nollag 2014. D'fhreastail 100% de chomhaltaí an Údaráis ar na cruinnithe ar fad le linn 2014.

Níor tionóladh aon chruinniú den Bhord Pinsean, .i. an eagraíocht ar thángamar i gcomharbacht uirthi, idir an 1 Eanáir 2014 agus an 7 Márta 2014.

An tAthrú chuig an Údarás Pinsean

Chuir an Tánaiste agus tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton, T.D. a lámh leis an ordú um thosach feidhme i ndáil leis an Údarás Pinsin, le héifeacht ón 7 Márta 2014, de réir mar a dhéantar foráil dó faoin Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013. Choimeád an tÚdarás Pinsean, mar an eagraíocht a tháinig i gcomharbacht ar an mBord Pinsin (1991-2014), na dualgais reachtúla a leagadh síos le hAcht na bPinsean, 1990 (arna leasú).

CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A BHAINT AMACH

Is é príomhchuspóir an Údaráis tacú le timpeallacht inbhuanaithe pinsean a gcuirfear pinsin imleora, iontaofa ar fáil dá oiread daoine ar scor agus breacaosta agus is féidir mar thoradh uirthi. Tá sé i gceist ag an Údarás an méid seo a bhaint amach ach:

- obair a dhéanamh ar leas na mball i scéimeanna pinsin ceirde agus na ndaoine a bhfuil cuntais coigiltis scoir phearsanta acu trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú na scéimeanna pinsin agus na CCSPanna
- faisnéis agus comhairle ábhartha a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le pinsin
- comhairle agus tacaíocht theicniúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil le tacú leis an Aire agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, mar aon le Ranna eile an Rialtais.

Leis na cuspóirí seo a chomhlíonadh agus leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Údarás, ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar an eagraíocht a rith ar bhealach atá idir éifeachtúil agus éifeachtach.

Leas na mball a chosaint trí rialáil éifeachtach

Is de réir na dtosaíochtaí riosca a shocraítear obair rialála an Údaráis, rud a chinntíonn go ndírítear ar na sáruithe siúd a d'fhéadfadh a bheith ní ba thromchúisí.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí riosca an Údaráis:

1. mí-leithghabháil á déanamh ar shócmhainní nó ar ranníocaíochtaí de chuid scéime nó CCSP
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. scéimeanna pinsin le sochar sainithe á maoiniú go neamh-imleor
4. sócmhainní pinsin á n-infheistiú go míchuí
5. easpa faisnéise á cur ar fáil do bhaill.

Bíodh sin mar atá, de bharr go mbíonn a leithéid de mhaoirseacht spleách ar fháil a bheith againn ar an bhfaisnéis riachtanach, téitear sa tóir orthu siúd atá baint acu le scéimeanna pinsin i ngach gcás ina dteipeann orthu na dualgais dhlíthiúla atá orthu i dtaobh faisnéis a chur ar fáil don Údarás a chomhlíonadh.

Cé gur deacair an rud é roinnt gnéithe d'obair maoirseachta an Údaráis a mheas go cainníochtúil, coimeádtar taifead ar staitisticí tábhachtacha maidir le hiniúchtaí, ionchúisimh, idirghníomhaíochtaí tábhachtacha le scéimeanna, agus iniúchtaí comhlíonta, agus déantar monatóireacht ar na leibhéil ghníomhaíochta.[5]

Tá an tÚdarás ag súil leis go bhfaighidh sé amach faoi fhormhór na gcásanna neamh-chomhlíonta tríd an obair réamhghníomhach mhaoirseachta a dhéanann sé agus tríd an bhfaisnéis a chuireann gairmithe pinsin ar fáil. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag fiosrú tuairiscí nó gearán a chuireann baill den phobal ar a shúile dó agus tá an foinse faisnéise seo fós ar cheann de na bealaí is mó a chabhraíonn leis an Údarás cinneadh a dhéanamh ar na rudaí ar leith a ndíreofar orthu ó thaobh na maoirseachta de.

Rialáil

Is é airgead na gcéadta míle duine a bhfuil na hiontaobhaithe ciste pinsin agus na soláthróirí CCSP ag tabhairt aire dó. Tá sé de dhualgas orthu an dlí a chomhlíonadh ar a laghad, cinnte, ach is ceart dóibh feidhmiú ar leas na ndaoine siúd a bhfuil a gcuid airgid scoir á bainistiú acu chomh maith.

Is maith is eol don Údarás go mbíonn daoine ag súil níos mó ó rialtóirí anois. Tá méadú tagtha ar a mbímid ag súil leis ó na daoine a dhéanaimid a rialáil dá bharr seo, agus beimid ag súil le níos mó amach anseo freisin. Cuireann sé seo bonn eolais faoi raon agus faoi fhócas ár ngníomhaíochta rialála agus faoin gcomhairle bheartais a thugaimid don Aire Coimirce Sóisialaí i ndáil le raon agus le mionsonraí na rialála pinsin.

Is éard atá i gceist leis an maoirseacht rialála a dhéanaimid ná freagairt ghníomhach ar thuairiscí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a thugtar dúinn maidir le sáruithe féideartha ar dhualgais iontaobhaithe agus soláthróirí, chomh maith le scrúdú réamhghníomhach a dhéanamh ar chúrsaí comhlíonta, trí iniúchtaí agus iniúchtaí láithreáin a dhéanamh. Faighimid tuiscint mhaith ar na leibhéil chomhlíonta in earnáil na bpinsean mar thoradh air seo. Tá feabhas tagtha ar na leibhéil chomhlíonta seo le blianta beaga anuas agus d'fhéadfá a rá go bhfuil na híosdualgais dhlíthiúla á gcomhlíonadh go maith, ach ní go huilíoch. Bíodh sin mar atá, níl an tÚdarás leath chomh sásta sin go mbíonn na hiontaobhaithe scéime ar fad ag obair go gníomhach ar leas bhaill na scéimeanna i gcónaí.

Cuireadh san áireamh inár gcuid oibre in 2014 go gcaithfimid athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanaimid i gcónaí d'fhonn a chinntiú go mbíonn sí iomchuí, go mbainimid an éifeacht

[5] Féach Aguisíní II

is fearr is féidir as na hacmhainní atá ar fáil dúinn, agus le cur le raon ár ngníomhaíochtaí maoirseachta. Is mar thoradh ar an athbhreithniú seo a thugamar faoi roinnt gníomhartha rialála nua le linn 2014, agus coinneoimid orainn ag déanamh athbhreithniú ar chomhdhéanamh ár gcuid oibre.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna rialála a tháinig chun cinn le linn 2014:

- Fuair an tÚdarás amach gur annamh a dhéantar mí-leithghabháil ar shócmhainní, ach go bhfuil cásanna ina n-asbhaineann fostóirí ranníocaíochtaí ach ina dteipeann orthu na ranníocaíochtaí sin a íoc isteach sna scéimeanna ag teacht chun solais i bhfad rómhinic. De réir na bpróifílí riosca atá againn, tabharfar tús áite do chásanna féideartha mí-leithghabhála inár gcuid oibre rialála i gcónaí.
- Tugadh 30 cás ionchúisimh chun críche. D'éirigh leis an Údarás ciontuithe a bhaint amach i 19 gcás. Deonaíodh buntáiste an Achta Promhaidh ar na cosantóirí i gcúig chás eile agus scriosadh amach sé chás eile ós rud é gur íocadh na riaráistí a bhí amuigh.
- Osclaíodh 75 fiosrúchán nua ar sháruithe líomhnaithe éagsúla ar Acht na bPinsean. Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist leis na sáruithe líomhnaithe seo, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a íoc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis.
- Rinne an tÚdarás 13 iniúchadh ar an láthair as 150 riarthóir cláraithe ar an iomlán.
- Tionóladh 55 cruinniú le hiontaobhaithe, le soláthróirí pinsin, agus le riarthóirí seirbhíse poiblí le plé a dhéanamh ar réimse saincheisteanna a bhain le cúrsaí comhlíonta.
- Rinne iniúchadh ar 285 scéim lena mheas cibé acu a bhí nó nach raibh siad in oiriúint le ceanglas reachtach ar leith, amhail ceanglais nochta, lena n-áirítear bealaí le himeacht ón tseirbhís a nochtadh, i measc rudaí eile.
- Rinneadh an tÚdarás athbhreithniú cuimsitheach ar mhaoirseacht agus ar riarachán 14 scéim agus a n-iontaobhaithe.
- Cuid thábhachtach de shaothar an Údaráis is ea an mhaoirseacht réamhghníomhach ar scéimeanna pinsin agus ar CCSPanna. Beidh barrtháibhachtach ag baint le sceithirí ó thaobh an fhorfheidhmithe de go deo, áfach, agus ní mór do ghairmithe na dualgais dhlíthiúla atá orthu a chomhlíonadh ach ábhair is údar imní dóibh a chur ar ár súile dúinn. Ba léir tábhacht na sceithirí ag tús 2015, tráth ar chuir an tÚdarás tús le fiosrúchán de dhroim tuairisce a fuarthas ó sceithire maidir le gníomhaíochtaí cuideachta iontaobhais chorparáidigh agus lena cáilíocht mar iontaobhaí i roinnt scéimeanna pinsin ceirde. Mar chuid den fhiosrúchán seo, fuair an tÚdarás ordú ón Ard-Chúirt lenar ordaíodh briseadh an iontaobhaí agus ceapadh iontaobhaí nua ina áit leis an ordú Ard-Chúirte céanna.
- Ábhar eile b'údar imní a tháinig chun solais le linn 2014 ba ea an teipeadh ar roinnt riarthóirí tuairisceáin bhliantúla scéime a chur isteach faoin spriocdháta agus, i gcásanna áirithe, gur cuireadh isteach sonraí is léir a bhí míchruinn. Táimid ag plé leis na cásanna seo mar bheart tosaíochta, agus cuirfimid san áireamh iad tráth a mbeidh iarratais athnuachana á ndéanamh i leith Riarthóirí Cláraithe.
- I mí Mheán Fómhair 2014 bhí 61 scéim le sochar sainithe fós ann nach raibh in oiriúint leis an gcaighdeán maoinithe. Chuir an tÚdarás tús le próiseas reachtúil foirmeálta i dtaobh cumhachtaí Alt 50/50B a úsáid i gcoinne na scéimeanna neamhchomhlíontacha seo, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tabhairt ar iontaobhaithe sochair a laghdú nó a scéimeanna a thabhairt chun críche fiú. Bhí pleananna téarnaimh chun an lámh in uachtar a fháil ar an easnamh ina scéimeanna fós amuigh ag 30 scéim ag deireadh mí Feabhra 2015 – bhí plean téarnaimh curtha isteach ag an gcuid eile acu nó bhí an próiseas chun an scéim a fhoirceannadh faoi lánseol. Leanfaidh an tÚdarás ag aghaidh ag plé leis na scéimeanna seo d'fhonn lán-chomhlíonadh a bhaint amach faoi dheireadh 2015.
- Tá na costais phinsin i dtaca le scéimeanna le ranníocaíocht shainithe fós ina n-údar imní don Údarás Pinsean. Tá an iomarca scéimeanna ann, scéimeanna beaga go háirithe, is cosúil nach bhfuil na costais atá i gceist leo ag teacht leis na dualgais atá ar iontaobhaithe scéime gníomhú ar leas na mball.

Faisnéis agus treoir

Tá sé mar aidhm ag an Údarás clú a bheith air mar fhoinse inrochtana, ábhartha, agus phraiticiúil faisnéise don phobal, do bhaill scéime, agus dóibh siúd a bhfuil CCSPanna acu. Is é an sprioc atá againn go dtabharfaidís siúd atá ar thóir faisnéise faoi phinsin aghaidh orainne i dtosach, agus go mbeadh an fhaisnéis sin ina cúnamh praiticiúil dóibh atá ag lorg a leithéid d'fhaisnéise.

Tuigimid freisin go gcuireann seirbhísí faisnéise lenár gcuid oibre rialála agus forfheidhmithe sa chaoi go gcabhraíonn siad le daoine tuiscint a fháil ar na dualgais atá orthu agus go dtugann siad treoir dóibh maidir le cén chaoi ar féidir leo na dualgais sin a chomhlíonadh.

In 2014, thug an tÚdarás faoi roinnt tionscnamh nua d'fhonn tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil d'iontaobhaithe agus dá gcuid comhairleoirí, agus d'fhonn na caighdeáin rialachais a bhfuiltear ag súil leo i gcás scéimeanna pinsin a dhéanamh níos soiléire.

Tá leagtha amach thíos roinnt de na gníomhaíochtaí ar leith ar tugadh fúthu in 2014:

- Rinne an tÚdarás plé le breis is 10,000 ceist, ar líon é nach bhfuil athrú tagtha air leis na blianta beaga anuas. Baineann formhór na gceisteanna le nochtadh eolais, le dualgais iontaobhaithe, le caomhnú, leis an gcaighdeán maoinithe, agus le CCSPanna.
- Tá imní thromchúiseach orainn faoin bhfeasacht ar an mbainistíocht riosca agus faoi chleachtais bainistíochta riosca i gcás roinnt mhaith scéimeanna le sochar sainithe. D'fhoilsigh an tÚdarás treoir agus cóid chleachtais maidir le bainistíocht airgeadais scéimeanna le sochar sainithe, agus tá sé chun dul i

mbun plé le roinnt de na scéimeanna móra in 2015.

- Leanaimid ar aghaidh ag cur réimse cuimsitheach faisnéise agus treorach ar fáil saor in aisce ar ár láithreán gréasáin, rud a choinnítear cothrom le dáta agus a dhéantar a nuashonrú leis na hathruithe is déanaí ar dhlí agus ar rialáil na bpinsean a léiriú. Tá sraith cód rialachais maidir le scéimeanna le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe curtha leis an treoir seo ó 2014 i leith go háirithe.

- Thugamar faoi shraith cáipéisí nochta samplacha a fhoilsiú, ina dtugtar teimpléid le haghaidh na gcáipéisí nach mór d'iontaobhaithe a chur ar fáil do bhaill. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2015 agus táimid ag súil leis go mbeidh cáipéis shamplach ann i dtaca le gach dualgas nochta do bhaill.

- D'fhreastalaíomar ar imeachtaí poiblí ar fud fad na tíre le grúpaí seachtracha leasmhara agus thugamar láithreoireachtaí i roinnt cásanna. Cuireann an tÚdarás ailt faisnéise agus oideachasúla, agus ábhair fógraíochta maidir le gach uile ghné de shaol na bpinsean ar fáil do na meáin agus do pháirtithe leasmhara in earnálacha na dtomhaltóirí agus na tionsclaíochta araon. Déanann an tÚdarás plé le fiosruithe díreacha ó na meáin go rialta agus bíonn sé sa tóir ar dheiseanna sna meáin le plé ar chúrsaí agus ar shaincheisteanna pinsin a chur chun cinn i measc an phobail.

Comhairle ar pholasaithe

In ainneoin an athraithe a tháinig ar an Údarás Pinsean, níl aon athrú tagtha ar an ról atá againn i leith comhairle a chur ar an Aire agus ar an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus tá sé mar aidhm againn a bheith mar fhoinse luachmhar comhairle agus saineolais ar chúrsaí pinsin don Roinn Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas go ginearálta.

Bhreathnaíomar ar ár gcuid oibre ó thaobh polasaithe de in athuair mar thoradh ar an athrú go dtí an tÚdarás agus táimid ag díriú anois ar chomhairle ar pholasaithe rialála, ar thograí ar leith um athchóiriú na bpinsean, agus ar thacaíocht d'obair na Roinne ó thaobh polasaithe de.

I measc ghníomhaíochtaí an Údaráis a leanann ar aghaidh tá:

- Comhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí.

- Moltaí a dhéanamh maidir le hathchóiriú na bpinsean le ranníocaíocht shainithe agus le simpliú chóras na bpinsean i bhfianaise an chomhairliúcháin ar phinsin le ranníocaíocht shainithe amach anseo a eagraíodh in 2013. Cuireadh páipéar, ina raibh breac-chuntas déanta ar na moltaí seo, faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí in 2014.

- An 8 Eanáir 2015 d'fhaomh an Rialtas bunú grúpa oibre idir-rannaigh le moltaí a dhéanamh ar cheist chóras uilíoch na bpinsean. Tá an tÚdarás páirteach sa ghrúpa oibre seo agus tá sé ag cabhrú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí tacú le saothar an ghrúpa freisin.

- Obair a dhéanamh i gcomhar leis an gComhairle Pinsean nuabhunaithe, a bhfuil an Rialtóir Pinsean ina bhall de.

- Páirteach i dtionscadal ar tháillí pinsin, a bhfuil an Roinn Coimirce Sóisialaí i gceannas air, le hionchur ón Údarás agus ó Bhanc Ceannais na hÉireann.

- Comhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí sna hidirbhearta i ndáil leis an moladh ar Threoir II ar IORPanna.

Éifeachtacht na heagraíochta

Tá an tÚdarás maoinithe ina iomláine ag na táillí a ghearrtar ar scéimeanna pinsin ceirde agus ar sholáthróirí CCSPanna. Is maith is eol dúinn go bhfuil sé de dhualgas orainn, mar chomhlacht poiblí, bheith éifeachtach, ábhartha, agus éifeachtúil. Ní mór dúinn monatóireacht a dhéanamh ar ábharthacht agus ar cháilíocht a ndéanaimid ar bhonn leanúnach.

Déanann an tÚdarás, tríd an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta, maoirseacht ar bhainistíocht airgeadais agus riosca na heagraíochta, rud atá léirithe sna ráitis airgeadais arna n-iniúchadh. Tháinig borradh ar gach uile réimse gníomhaíochta arís tráth a raibh an t-athrú go dtí an tÚdarás Pinsean ar bun, ach bhí an caiteachas iomlán ní ba lú in 2014 ná a bhí in 2013 ina ainneoin sin.

Is é bord an Údaráis a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíochtaí an Choiste Gnó lena chinntiú go mbíonn siad ag teacht le spriocanna fadtéarmacha agus le cuspóirí bliantúla na heagraíochta.

Lorgaíonn an tÚdarás aiseolas óna pháirtithe leasmhara go gníomhach freisin, lena n-áirítear:

- Déanann sé monatóireacht ar cháilíocht na comhairle a chuireann sé ar fáil trí theagmháil leanúnach leis an lucht ardbhainistíochta sa Roinn Coimirce Sóisialaí, sa Roinn Airgeadais, agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- Idirghníomhaíonn an tÚdarás le páirtithe leasmhara agus faigheann sé aiseolas uathu, amhail Banc Ceannais na hÉireann agus na Coimisinéirí Ioncaim, agus le heagraíochtaí amhail Cumann Cistí Pinsin na hÉireann, Cumann Achtúirí na hÉireann, Cumann na nDlíodóirí Pinsin, Árachas Éireann, agus cumainn eile san earnáil trí sheisiúin rialta faisnéise.

- Tugann ceisteanna ó iontaobhaithe, ó bhaill scéime, ó earnáil na bpinsean, ón bpobal, ó eagraíochtaí fostóra, agus ó cheardchumainn, mar aon le comhairliúcháin phoiblí leo, aiseolas tábhachtach dúinn faoi éifeachtacht gníomhaíochtaí de chuid an Údaráis agus is minic a thugtar moltaí dúinn maidir le tionscnaimh ar leith mar thoradh orthu.

Jane Williams
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Rialtóir Pinsean

COISTÍ AN ÚDARÁIS

Tá roinnt coistí curtha ar bun ag an Údarás d'fhonn a chuspóirí a bhaint amach[6].

An Grúpa Athbhreithnithe Rialála (GAR) (a tháinig le chéile naoi n-uaire le linn 2014)

Tá roinnt feidhmeanna rialála faoi Acht na bPinsean tarmligthe ag an Údarás chuig an Rialtóir Pinsean. Chun maoirseacht ó thaobh na rialála de a choimeád ar na feidhmeanna sin, éilítear ar an Rialtóir Pinsean dul i ndáil chomhairle leis an nGrúpa Athbhreithnithe Rialála i gcásanna áirithe sular ceadmhach dó feidhm rialála arna tarmligean a fheidhmiú.

Tá i gceist le saothar an Ghrúpa Athbhreithnithe Rialála ná plé ar chásanna áirithe d'fhonn cur ar chumas an Rialtóra Pinsean cinntí rialála a dhéanamh, smachtbhannaí a chur, nó imeachtaí dlí a chur ar cois i gcásanna áirithe. I measc na gcásanna ina gcaithfear dul i ndáil chomhairle leis an nGrúpa Athbhreithnithe Rialála tá: ceadú tograí maoinithe agus laghduithe ar shochair de bhun alt 50, treoracha aontaobhacha le sochair a laghdú de bhun alt 50 nó foirceannadh scéime, eisiúint fíneálacha ar an láthair, cinntí ar cibé acu ba chóir nó nár chóir dul chun dlí, cinntí le diúltú d'iarratas clárúcháin nó athnuachana Rialtóra Cláraithe, agus úsáid bheartaithe aon cheann de chumhachtaí an Údaráis a gcaithfear iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt ina leith.

An Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta (a tháinig le chéile trí huaire le linn 2014)

Déanann an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta maoirseacht thar ceann an Údaráis ar an gcaoi a gcomhlíonann an eagraíocht na dualgais rialála atá uirthi mar chomhlacht Stáit, agus tugann sé tuairiscí don Údarás ina leith sin. Áirítear leis an obair seo monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar chórais rialachais chorparáidigh an Údaráis.

Déanann an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta iniúchtaí inmheánacha a choimisiúnú go rialta agus déanann sé athbhreithniú orthu trí sheirbhís sheachtrach iniúchóireachta. In 2014 chuimsigh clár iniúchóireachta inmheánaí an Choiste athbhreithniú ar Phlean Athshlánaithe an Údaráis ó Thubaiste; athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Chóras Idirghníomhach Faisnéis Scéimeanna an Údaráis (ISIS); agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Toradh dearfach a bhí ar na hathbhreithnithe seo agus níor thángthas aon ábhair ab údar imní chun solais dá mbarr.

[6]Féach Aguisín I le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le ballraíocht gach grúpa.

EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH A RITH

Is feasach atá an tÚdarás ar an dualgas atá air mar ghníomhaireacht rialtais luach ar airgead agus éifeachtúlacht a bhaint amach agus a léiriú i ngach a ndéanann sé. Cuireann an tÚdarás gach uile dheis le hairgead a shábháil agus le héifeachtúlachtaí a bhaint amach faoi chaibidil go gníomhach, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte a úsáid agus tascanna a sheachfhoinsiú. Baineann an tÚdarás an leas is fearr is féidir as na conarthaí agus as na creataí atá ar fáil tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus as an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide d'fhonn éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú agus le gníomhaíocht rialála a dhíriú ar na réimsí is mó riosca.

Acmhainní Daonna

Tá gá le hoiliúint agus forbairt ábhartha, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le cáilíocht fhoireann an Údaráis a choimeád agus is gné thábhachtach de ghníomhaíochtaí an Údaráis iad. D'fhonn a chinntiú gur féidir le fostaithe plé a dhéanamh leis na hathruithe ar fad a thagann ar shaol na bpinsean agus na rialála, leanadh de chláir oiliúna foirne an Údaráis in 2014. Bhain roinnt fostaithe cáilíochtaí breise amach i réimsí ar nós pinsean, na bainistíochta rialála, agus an dlí.

Déantar sainaithint ar riachtanais bainistíochta feidhmíochta agus oiliúna agus forbartha, ar leibhéil na heagraíochta agus an duine aonair araon, trí Chóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta an Údaráis.

Sláinte agus sábháilteacht

Tá an tÚdarás tiomanta do thacú le shláinte agus sábháilteachta na mball foirne dá chuid agus d'áit oibre atá slán sábháilte a chur ar fáil. Comhlíonann an tÚdarás dlí na Sláinte agus Sábháilteachta agus tá polasaithe sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm aige a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta.

Úsáid fuinnimh

B'ionann an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás in 2014 agus 123,200 cileavatuair leictreachais, i gcomparáid le 151,450 cileavatuair in 2013; .i. laghdú 19%. Laghdú suntasach is ea é seo agus ba é an t-uasghrádú a rinneadh ar infreastruchtúr ríomhaireachta an Údaráis, a rinneadh in 2013 agus 2014, ba chúis dhíreach leis na buntáistí comhshaoil agus leis an méid airgid atá á shábháil anois.

Íocaíochtaí prasa

Feidhmíonn an tÚdarás polasaí íocaíochta 15 lá. Cuirtear tuairiscí ráithiúla um íocaíochtaí prasa faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus cuirtear suas ar áir láithreán gréasáin iad chomh maith.

FOIREANN AN ÚDARÁIS PINSEAN

Foireann an Údaráis amhail ar an 31 Nollaig 2014				
	Príomhoifigigh Chúnta	**Ardoifigigh Feidhmiúcháin**	**Oifigigh Feidhmiúcháin**	**Oifigigh Chléireachais**
Brendan Kennedy An Rialtóir Pinsean	Aideen Bugler	Mary Broderick	Valerie Christie	Robert Bradley
Mary Hutch Ceann an Aonaid um Polasaí	Eoin Cassells	Martin Buggy	Alison Flynn	Niamh Crowley
Tom Dunphy Ceann an Aonaid um Chomhlíonadh	Gerard Clarke	Rachael Gleeson	Emily Keyes	Marie Earley
Madeleine Delaney Leascheann an Aonaid um Chomhlíonadh	Catherine Goulding	Ciarán Holahan	Catherine McAuley	Eileen Flynn
Pat O'Sullivan Ceann an Aonaid um Maoiniú agus Achtúireacht	Maura Howe	Deirdre Kelly	Christine Lutz	Kevin Hennessy
Sylvia McNeece Ceann an Aonaid um an Dlí agus Seirbhísí Corparáideacha	Thomas Kiely	Jo Kenny	Renée O'Reilly	Emma Hunter
Grace Guy Leascheann an Aonaid um an Dlí agus Seirbhísí Corparáideacha (Rúnaí an Údaráis)	Andrew Nugent	John McCarthy	Edel Stenson	Lydia Leonard
David Malone Ceann an Aonaid Oibriúcháin agus Cumarsáide	Cheryl Richardson	Paul Muldowney	Christina Winters	Julie McCarthy
		Kieran O'Dea		Aoife Moloney
				Maura Moroney
				John O'Callaghan
				Jennifer Robinson

NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste....12
Ráiteas maidir le freagrachtaí an Údaráis....13
Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais....14
Ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta....15
An cuntas ioncaim agus caiteachais....17
An clár comhardaithe....18
An ráiteas sreabhaidh airgid....19
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais....20

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

An tÚdarás Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir Acht na bPinsean, 1990. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus na nótaí bainteacha. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 22 den Acht agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach, cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí bhaintigh.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeáin Eiticiúla an Údaráis um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise dhóthanach a bhailiú le tacú leis na suimeanna atá luaite agus leis na nithe atá nochta sna ráitis airgeadais chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais sin saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu a bhí calaois nó feall ina gcúis leis an míshonrú áirithe sin. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu a bhí nó nach raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chás an Údaráis, a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus a nochtadh nó nár nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis le sainaithint a dhéanamh ar aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais arna n-iniúchadh. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó aon neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanfaidh mé na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn, léargas fírinneach, cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

I mo thuairimse, choimeád an tÚdarás leabhair iomchuí chuntas. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- gur thug m'iniúchadh aon chás ábhartha faoi deara nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá ann i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an Údarás, nó
- Go dtugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam ar na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
Thar ceann
an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste
An 9 Meitheamh 2015

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Éilítear ar an Údarás le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- polasaithe cuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh shlán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Tá sé de dhualgas ar an Údarás leabhair chuí chuntais a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Ina theannta sin, tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Jane Williams
Cathaoirleach
An 2 Meitheamh 2015

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Aithnímse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil ama.

Príomhnósanna imeachta rialaithe

Tá bearta déanta ag an Údarás d'fhonn timpeallacht iomchuí rialaithe a bhaint amach:

- trí na freagrachtaí bainistíochta a leagan amach go soiléir
- trí nósanna imeachta tuairiscithe a chur i bhfeidhm d'fhonn teipeanna suntasacha a rialú agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha iomchuí
- trí Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta tiomnaithe a chur ar bun
- trí idirdhealú soiléir a dhéanamh idir fheidhmeanna an Údaráis agus feidhmeanna an Choiste Gnó
- trí Chód Iompair a fhoilsiú do chomhaltaí an Údaráis agus d'fhoireann an Údaráis
- trí iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- trí nádúr, méid agus impleacht fhéideartha na rioscaí atá mar bhaol don Údarás a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha
- trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta
- trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis rioscaí a bhainistiú agus na rioscaí a tharlóidh a mhaolú
- trí na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear amach mar thoradh orthu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um eolas bainistíochta míosúil, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a dheighilt, agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a chuimsíonn buiséad bliantúil, a ndéantar athbhreithniú air agus a bhíonn comhaontaithe ag an Údarás
- athbhreithnithe rialta ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta agus ag an Údarás ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht iarbhír airgeadais os coinne meastachán
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Tá tábhacht nach beag ag baint leis an bhfeidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí, a cuireadh i bhfeidhm in 2003, ós rud é go gcoinníonn sé an tÚdarás ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an comhlacht neamhchosanta ina leith bonn eolais faoi obair an fheidhmeannais agus cuireadh cleachtadh iomlán anailíse riosca i gcrích dá réir sin.

Tacaíonn an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta leis an anailís riosca agus leis na pleananna iniúchóireachta inmheánaí, agus faomhann an tÚdarás iad.

Rinne an tÚdarás, trí obair an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta a leanann ar aghaidh, monatóireacht ar obair an Choiste Gnó ó thaobh an rialuithe airgeadais de sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014. Cuireadh an Coiste na rudaí seo a leanas faoi chaibidil:

- cuntais bhainistíochta, idir rialta agus/nó thréimhsiúil, don bhliain 2014, ina raibh anailís déanta agus míniú tugtha ar aon imeacht suntasach ón mbuiséad
- clár na rioscaí
- Táillí scéimeanna pinsin ceirde agus cuntais coigiltis scoir phearsanta
- straitéis infheistíochta
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais don bhliain 2015
- tuairiscí iniúchta inmheánaigh

Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Dearbhaímse go ndearna an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014.



Jane Williams
Cathaoirleach
An 2 Meitheamh 2015

RÁITEAS MAIDIR LE POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach leis na ráitis airgeadais.

a) Bonn ullmhaithe na ráiteas airgeadais

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil sa leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe freisin de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn, ar caighdeáin iad a chuir an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais i dtoll a chéile. Is in euro atá na ráitis airgeadais ainmnithe.

b) Forbairtí in 2014

Athraíodh ainm an Bhoird Pinsean de bhun Alt 26 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013. Tá an tÚdarás Pinsean tugtha air ón 7 Márta 2014 i leith, nó *the Pensions Authority* **i mBéarla.**

D'athraigh teideal an Phríomhfheidhmeannaigh go dtí an Rialtóir Pinsean.

Tháinig téarma oifige na n-iar-comhaltaí boird chun críche ar an lá úd chomh maith agus tháinig an tÚdarás ina n-ionad, rud a chuimsíonn Cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, mar aon le beirt ghnáthchomhaltaí arna gceapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Airgeadais.

c) Ioncam ó tháillí

I) Táillí ar Scéimeanna Pinsin Ceirde

Tá na táillí iníoctha leis an Údarás ag iontaobhaithe scéime de réir Alt 25 d'Acht na bPinsean. Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 634 de 2010 - Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsin Ceirde (Táillí) (Leasú), 2010. Tá na táillí i leith grúpscéimeanna iníoctha ar bhonn na bliana iarbhír agus tá na táillí i leith scéimeanna aonair iníoctha aon bhliain amháin i riaráiste.

Aithníonn an tÚdarás go gcuirtear na táillí ar fad atá dlite mar ioncam ar bhonn na bliana féilire agus na táillí atá dlite i leith scéimeanna aonair san áireamh mar fhéichiúnaithe ag deireadh na bliana.

II) Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

Suimeanna atá dlite i leith táillí iarratais, táirge, agus bliantúla a gearradh ar sholáthróirí Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Déantar na táillí bliantúla CCSP a ríomh trí thagairt do líon na dtáirgí cláraithe ceadaithe agus do luach na gcistí atá faoi bhainistiú ag an soláthróir amhail ag deireadh na bliana roimhe.

Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 506 de 2002 - Na Rialacháin um Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (Táillí) (Leasú), 2002.

d) Deontas stáit

Is éard atá sa deontas stáit ná an méid a chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil i leith na bliana chun:

- costais na sochar aoisliúntais a d'íoc an tÚdarás a fhorchúiteamh
- airgead a chur ar fáil i gcomhair costais ábhartha eile.

e) Cúlchiste caipitil le haghaidh CCSPanna

Is éard atá sa chúlchiste seo ná an tsuim gan amúchadh den deontas stáit a úsáideadh le sócmhainní seasta atá bainteach le riarachán CCSP a cheannach agus déantar í a amúchadh ar

aon dul le dímheas na sócmhainní bainteacha a fuarthas.

f) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn na líne dírí ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos ionas go ndíscríobhfar na sócmhainní, arna gcoigeartú lena luach iarmharach measta a chur san áireamh, le himeacht shaolré úsáideach thuartha gach catagóire iomchuí.

• Feabhas ar léasacht	$6^{2}/_{3}$ bliana - 15 bliana	
• Trealamh ríomhaireachta	25%	4 bliana
• Troscán oifige	12½%	8 mbliana
• Trealamh oifige	20%	5 bliana

g) Léas oibriúcháin

Déantar plé le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain a mbaineann siad léi.

h) Aoisliúntas

Mar gheall ar na socruithe, a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 18, atá i bhfeidhm ag an Údarás i ndáil le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993; leis an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993; agus leis an Scéim Aonair Pinsean Seirbhíse Poiblí a fheidhmíonn sé thar ceann na bhfostaithe, tá an tÚdarás den tuairim nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (Plé a Dhéanamh le Sochair Scoir i gCuntais), a bhfuil feidhm acu i gcás dliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna le sochar sainithe, nach bhfuil siad bainteach.

Is dá réir sin a bhreacann an tÚdarás na ranníocaíochtaí fostóra chun dochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír chaiteachais agus is ann d'ioncam comhfhreagrach a sheasann d'fhorchúiteamh na n-íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

i) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

Ós rud é gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil curtha de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, mar aon le forfheidhmiú an chomhlíonta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Údarás dul chun dlí ó am go chéile.

D'fhéadfadh sé go dtarraingeodh a leithéid de chaingean costais shuntasacha ar an Údarás i gcásanna áirithe. Ní féidir a thuar cén uair a thiocfadh cásanna den sórt sin chun cinn ná cá mhéad a chosnóidís, ach tá an tÚdarás den tuairim gur stuama an rud é a leithéid de chostais a roinnt thar na blianta d'fhonn a chinntiú go mbeadh fáil ar a dhóthain acmhainní in am an ghátair.

Aistrítear suimeanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais chuig an gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta dá réir sin nuair a mheastar is gá.

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014			
	Nótaí	2014	2013
Ioncam		€	€
Táillí ar Scéimeanna Pinsin Ceirde		3,188,845	3,179,136
Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta		2,165,078	1,938,596
Deontas Stáit i leith íocaíochtaí pinsin le baill foirne ar scor		175,446	220,703
Ioncam eile	1	57,033	95,217
Iomlán an ioncaim		5,586,402	5,433,652
Aistriú ón gcúlchiste caipitil i gcomhair CCSP	14	26,692	26,773
		5,613,094	**5,460,425**
Caiteachas			
Tuarastail, pinsin, agus costais bhainteacha	2	3,564,411	3,717,641
Táillí chomhaltaí an Údaráis	4	31,648	88,920
Cíos agus costais oifige	5	728,328	723,399
Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	6	100,644	122,671
Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	7	206,050	133,732
Táillí gairmiúla	8	175,157	221,512
Riarachán ginearálta	9	441,558	414,258
Dímheas	10	218,530	274,793
Iomlán an chaiteachais		**5,466,326**	**5,696,926**
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**146,768**	**(236,501)**
An cúlchiste ioncaim amhail ar an 1 Eanáir		5,850,694	6,087,195
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		146,768	(236,501)
An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig		**5,997,462**	**5,850,694**

Níl raibh ag an Údarás aon ghnóthachain ná aon chaillteanais sa bhliain airgeadais ná sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad sin a ndéantar plé leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann na torthaí don bhliain le hoibríochtaí a leanann ar aghaidh.

Tá an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus nótaí 1 go dtí 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



Jane Williams
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Rialtóir Pinsean

An 2 Meitheamh 2015

AN CLÁR COMHARDAITHE

Amhail ar an 31 Nollaig 2014			
	Nótaí	2014 €	2013 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	10	184,583	355,356
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	11	494,755	466,989
Banc	17	7,064,569	6,802,316
		7,559,324	**7,269,305**
Dliteanais reatha			
Suimeanna creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin	12	217,106	217,936
Glansócmhainní reatha		**7,342,218**	**7,051,369**
Iomlán na sócmhainní		**7,526,801**	**7,406,725**
Arna maoiniú ag			
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta	15	1,500,000	1,500,000
Cúlchiste caipitil i gcomhair CCSPanna	14	29,339	56,031
Cúlchiste ioncaim		5,997,462	5,850,694
		7,526,801	**7,406,725**

Tá an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus nótaí 1 go dtí 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Jane M. Williams Brendan Kennedy

Jane Williams
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Rialtóir Pinsean

An 2 Meitheamh 2015

AN RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014			
	Nótaí	2014 €	2013 €
An ráiteas sreabhaidh airgid			
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16	237,102	(143,059)
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísiú airgeadais			
Ús faighte		73,271	147,908
Caiteachas caipitiúil			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil		(48,120)	(34,264)
Bainistiú acmhainní leachtacha (Méadú) ar thaiscí gearrthéarmacha		(171,033)	(13,506)
Méadú/(laghdú) ar airgead		**91,220**	**(42,921)**
Réiteach an ghlansreabhaidh airgid in aghaidh gluaiseachta sna glanchistí	17		
Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain		91,220	(42,921)
Méadú ar thaiscí gearrthéarmacha		171,033	13,506
Gluaiseacht sna glanchistí sa bhliain		262,253	(29,415)
Glanchistí amhail ar an 1 Eanáir		6,802,316	6,831,731
Glanchistí amhail ar an 31 Nollaig		7,064,569	6,802,316

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

1. Ioncam eile

Ioncam eile	2014 €	2013 €
Ioncam ó ús	50,529	89,948
Costais cúirte	6,169	5,029
Ioncam ilghnéitheach	335	240
	57,033	**95,217**

2. Costais fostaithe

B'ionann meánlíon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha le linn na bliana agus 45 (2013, 47) agus b'ionann an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 50 ag deireadh 2014 (2013, 50). Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus párolla:

Costais fostaithe	2014 €	2013 €
Tuarastail	2,510,129	2,609,374
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra[1]	654,643	650,562
Ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra	211,617	221,295
Sochair aoisliúntais iníoctha	175,446	220,703
Íocaíochtaí iomarcaíochta	12,576	-
Foireann ar conradh – ginearálta	-	15,707
	3,564,411	**3,717,641**

3. Luach saothair an Rialtóra Pinsean[2]

Luach saothair an Rialtóra Pinsean	2014 €	2013 €
Tuarastal	143,535	148,710
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra	35,884	37,178
	179,419	**185,888**

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Rialtóra Pinsean na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i samhail scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe.

[1] Féach nóta 18
[2] San áireamh i gCostais fostaithe i nóta 2

4. Táillí chomhaltaí an Údaráis

Táillí an Údaráis		
Ainm	**2014 €**	**2013 €**
Jane Williams – Cathaoirleach[3]	18,967	11,970
Comhaltaí boird an Bhoird Pinsean go dtí an 6 Márta 2014		
Noreen Deegan	1,409	7,695
Brendan Johnston	-	7,695
Terence Noone	1,409	7,695
Emer O'Flanagan	1,409	7,695
Rosalind Briggs	1,409	7,695
Don O'Higgins	1,409	7,695
Phelim O'Reilly	1,409	7,695
Mary Walsh	1,409	7,695
Niall Walsh	1,409	7,695
Robin Webster	1,409	7,695
	31,648	**88,920**

4. Cíos agus costais oifige

Cíos agus costais oifige	2014 €	2013 €
Cíos	554,343	554,897
Táille sheirbhíse	60,658	39,899
Rátaí	48,563	61,068
Leictreachas	27,528	30,160
Glantóireacht	20,709	21,164
Cothabháil ghinearálta	10,281	10,412
Stóras lasmuigh den láthair	6,246	5,799
	728,328	**723,399**

Tá an tÚdarás lonnaithe in áitreabh oifige ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain, ar cuireadh tús leis an 16 Iúil 2001

[3] Cathaoirleach ar an mBord Pinsean go dtí an 6 Márta 2014 agus ceapadh ina cathaoirleach ar an Údarás Pinsean í ar an 7 Márta 2014

6. Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	2014 €	2013 €
Oiliúint agus oideachas	72,748	94,225
Costais a bhaineann leis an bhfoireann[4]	27,896	28,446
	100,644	**122,671**

7. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	2014 €	2013 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rann-pháirtíochta	145,650	81,417
Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin	36,653	28,533
Taighde	23,747	23,782
	206,050	**133,732**

8. Táillí gairmiúla

Táillí gairmiúla	2014 €	2013 €
Comhairle dhlí	41,700	77,756
Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh	-	10,957
Forbairt tionscadal	22,226	22,650
Comhairleacht taighde	47,232	32,472
Táillí ar iniúchadh inmheánach	8,093	8,106
Táillí ar iniúchadh reachtúil	16,500	16,300
Comhairleacht earcaíochta	14,783	5,640
Caidreamh poiblí	1,169	1,230
Eile	23,454	46,401
	175,157	**221,512**

[4] Costais cheaintín, deonacháin do chlub spórt agus sóisialta na foirne, agus gníomhaíochtaí eile san áireamh

9. Riarachán ginearálta

Riarachán ginearálta	2014 €	2013 €
Costais stáiseanóireachta agus riaracháin	51,883	53,231
Síntiúis chorparáideacha	137,074	106,579
Teileafón agus postas	33,112	35,044
Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin	115,175	120,089
Taisteal agus cothú[5]	47,952	45,026
Árachas	52,029	50,503
Táillí bainc	4,333	3,786
	441,558	**414,258**

[5] Tá san áireamh i gcostais taistil agus cothaithe:

- Taisteal thar lear, €38,422
- Costais an rialtóra pinsean (taisteal thar lear den chuid ba mhó), €12,240, (2013, €11,444)

Bhain an taisteal thar leat go príomha leis an bpáirt a ghlacann an tÚdarás i ngníomhaíocht i ndáil le polasaí rialála agus maoirseachta an AE, go háirithe freastal ar chruinnithe den Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus ar bhabhtaí idirbheartaíochta ar dhréacht-treoir pinsin an AE.

10. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Feabhsú ar léasacht €	Trealamh ríomhaireachta €	Troscán oifige €	Trealamh oifige €	Iomlán €
Costas nó Luacháil					
Amhail ar an 1 Eanáir 2014	1,163,434	1,057,253	210,701	76,092	2,507,480
Breiseanna sa bhliain	-	44,400	1,980	1,377	47,757
Diúscairtí sa bhliain	-	(53,962)	-	-	(53,962)
Amhail ar an 31 Nollaig 2014	**1,163,434**	**1,047,691**	**212,681**	**77,469**	**2,501,275**
Dímheas Carntha					
Amhail ar an 1 Eanáir 2014	992,261	899,656	197,858	62,349	2,152,124
Muirear don bhliain	77,562	129,432	3,231	8,305	218,530
Diúscairtí sa bhliain	-	(53,962)	-	-	(53,962)
Amhail ar an 31 Nollaig 2014	**1,069,823**	**975,126**	**201,089**	**70,654**	**2,316,692**
Glanluach de réir na Leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2013	**171,173**	**157,597**	**12,843**	**13,743**	**355,356**
Amhail ar an 31 Nollaig 2014	**93,611**	**72,565**	**11,592**	**6,815**	**184,583**

11. Féichiúnaithe

Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:	2014 €	2013 €
Ioncam ó tháillí	400,000	361,356
Ús fabhraithe infhaighte	25,825	48,566
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	44,841	33,042
Féichiúnaithe, eile	24,089	24,025
	494,755	**466,989**

12. Creidiúnaithe

Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:	2014 €	2013 €
Fabhruithe creidiúnaí	124,455	120,696
Fabhruithe caipitil	-	363
Creidiúnaí cánach	86,912	85,830
Creidiúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí[6]	2,000	6,000
Creidiúnaithe trádála	3,739	5,047
	217,106	**217,936**

[6] D'eisigh an tÚdarás fíneálacha ar an láthair in 2014 i leith sáruithe ar fhorálacha sonracha d'Acht na bPinsean.Íoctar na fíneálacha seo leis an Roinn Coimirce Sóisialaí de réir Alt 39 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006. Ní raibh na fíneálacha a gearradh in 2014 íoctha leis an Roinn Coimirce Sóisialaí amhail ag deireadh na bliana.

13. Ceangaltais airgeadais

1. Ceangaltais chaipitil
   Níorbh ann d'aon cheangaltais chaipitil amhail ar an 31 Nollaig 2014.

2. Léasanna oibriúcháin
   Is mar seo a leanas atá na ceangaltais a bheidh dlite laistigh den chéad 12 mhí eile a bheidh le híoc ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

Cóiríocht oifige ar léas	2014 €	2013 €
Le dul in éag i gceann níos mó ná 5 bliana	554,343	554,343

14. Cúlchiste caipitil i gcomhair Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

	2014 €	2013 €
Amhail ag tús na bliana	56,031	82,804
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Amúchadh - rudaí a fuarthas i mblianta roimhe	(26,692)	(26,773)
Amhail ag deireadh na bliana	**29,339**	**56,031**

15. Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

	2014 €	2013 €
Amhail ag tús na bliana agus ag a deireadh	**1,500,000**	**1,500,000**

16. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2014 €	2013 €
Barrachas/(easnamh) don bhliain	146,768	(236,501)
Míreanna nach míreanna oibriúcháin iad		
Ús faighte	(73,271)	(147,908)
Míreanna nach míreanna airgid iad		
Aistriú ón gcúlchiste caipitil i gcomhair CCSP	(26,692)	(26,773)
Dímheas	218,530	274,793
(Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe	(27,766)	88,879
Laghdú ar chreidiúnaithe neamhchaipitil	(467)	(95,549)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**237,102**	**(143,059)**

17. Anailís ar athruithe ar ghlanchistí

	Amhail ar an 1 Eanáir 2014 €	Sreabhadh airgid €	Amhail ar an 31 Nollaig 2014 €
Airgead sa bhanc agus ar láimh	482,281	91,220	573,501
Taiscí gearrthéarmacha	6,320,035	171,033	6,491,068
	6,802,316	**262,253**	**7,064,569**

18. Cur chuige cuntasaíochta i leith sochair scoir[7]

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013;

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993 agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar an tSamhail Thraidisiúnta Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013;

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghsinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna.
Ina theanna sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair)

- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D, agus is é an tÚdarás a íocann í

- tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste na costais nuair a bhíonn siad dlite.

Tá an tÚdarás den tuairim go bhfuil éifeacht na socruithe pinsin thuasluaite mar an gcéanna le scéim le ranníocaíocht shainithe ó thaobh sheasamh airgeadais an Údaráis de. Tá sé den tuairim dá bhrí sin nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (Plé a Dhéanamh le Sochair Scoir i gCuntais), a bhfuil feidhm acu i gcás scéimeanna le sochar sainithe, nach bhfuil siad iomchuí. Déanann sé plé lena chuid ranníocaíochtaí sna cuntais amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í dá réir sin.

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

	2014 €	2013 €
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra[8]	678,427	674,543
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	140,054	135,367
Asbhaint a bhaineann le pinsean[9]	169,895	178,187
	988,376	**988,097**

19. Nochtadh idirbheart

Tá Cód Cleachtais um Iompar Gnó ag an Údarás i leith comhaltaí agus fostaithe dá chuid de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá san áireamh sa chód seo treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana.

[7] Féach nóta 2
[8] Ranníocaíochtaí €23,784 (2013, €23,981) san áireamh i leith fostaí atá ar iasacht
[9] Bainte as pá na foirne agus íoctha leis an Roinn Coimirce Sóisialaí de bhun an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009

Úsáideann an tÚdarás seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha atá cáilithe go cuí ó am go chéile le tabhairt faoi thascanna a chabhraíonn leis an Údarás lena shaothar. Bíonn socruithe conartha den sórt seo faoi réir na ngnáthnósanna imeachta tairisceana, a bhfuil feidhm acu ar fud na seirbhíse poiblí. Is faoin Údarás atá an cinneadh le tionscadal áirithe a bhronnadh ar a leithéid de shainchomhairleoir, ag féachaint do riachtanais na hoibre atá le déanamh. I bhfianaise an chineáil gnó atá idir lámha ag an Údarás, is ceadmhach don Údarás conarthaí a dhéanamh le fiontair a bhfuil comhaltaí den Údarás fostaithe iontu nó a bhfuil leas ag comhaltaí den Údarás iontu ar bhealach eile.

Níor íocadh aon suim le tríú páirtithe a raibh leas ag comhaltaí den Údarás iontu i gcaitheamh 2014.

20. Cáin

Tá an tÚdarás díolmhaithe ón gCáin Chorparáide de réir Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

21. An t-athrú ar an ainm

Athraíodh ainm an Bhoird Pinsean de bhun Alt 26 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013. Tá an tÚdarás Pinsean tugtha air ón 7 Márta 2014 i leith, nó the Pensions Authority i mBéarla.

D'athraigh teideal an Phríomhfheidhmeannaigh go dtí an Rialtóir Pinsean.

Níor chuir na hathruithe seo isteach ná amach ar fheidhmiú laethúil na heagraíochta; ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar sin.

22. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais ar an 2 Meitheamh 2015.

AGUISÍN I

Coistí an Údaráis

Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta

- Naomi Holland (Cathaoirleach)
- Eilis Hamilton (An Roinn Coimirce Sóisialaí - An Rannóg um Straitéis Íocaíochta)
- John Palmer (An Roinn Airgeadais – An Rannóg um Polasaí Buiséid)

An Grúpa Athbhreithnithe Rialála

- Jane Williams
- Anne Vaughan
- Ann Nolan
- Brendan Kennedy
- Sylvia McNeece
- Grace Guy

AGUISÍN II

Rialáil

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas in 2014	Táirgeacht in 2014	Sprioc/ ionchas in 2015	Míniú
Líon na gcruinnithe le scéimeanna le sochar sainithe agus le scéimeanna pinsin earnála poiblí	15	10	15	Tionóltar cruinnithe le hiontaobhaithe, le soláthróirí pinsin, agus le riarthóirí seirbhíse poiblí le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna ginearálta a bhaineann le cúrsaí comhlíonta. Tionóltar cruinnithe le díriú ar shaincheisteanna áirithe comhlíonta is ábhar imní don Údarás freisin. In 2015 cuirfidh an tÚdarás tús le teagmháil réamhghníomhach le scéimeanna maoinithe le sochar sainithe d'fhonn breathnú ar a mbainistíocht airgeadais agus riosca.
Líon na gcruinnithe le hiontaobhaithe, le riarthóirí cláraithe, agus le soláthróirí pinsin	15	45*	15	*Bíonn an obair sa réimse seo idir réamhghníomhach agus fhrithghníomhach agus is iad na torthaí a fhaightear ó fhiosrúcháin, ó iniúchtaí ar an láthair, ó imscrúduithe, agus ó iniúchtaí ar scéimeanna ar leith a chuireann bonn eolais fúithi.
Líon na n-iniúchtaí ar an láthair a rinneadh ar riarthóirí cláraithe	20	13*	6	* Rinne an tÚdarás 13 iniúchadh ar an láthair ar riarthóirí cláraithe. Fuarthas amach go raibh an leibhéal comhlíonta maith go leor den chuid ba mhó, rud a thug le tuiscint go raibh feabhas tagtha ar an scéal i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Rinneadh athruithe ar an gcaoi a dtugtar faoi iniúchtaí ar riarthóirí cláraithe agus ar na míreanna a chuirtear faoi chaibidil sna iniúchtaí seo in 2014 d'fhonn a chinntiú go mbíonn an ghníomhaíocht mhaoirseachta ríthábhachtach seo solúbtha agus go n-athraíonn sé de réir taithí.
Iniúchtaí comhlíonta	200	285	200	Roghnaíodh 285 scéim le scrúdú iniúchta a dhéanamh ar réimse áirithe dá bhfeidhmiú. Bhain 115 acu leis na riachtanais nochta, 35 acu le hiniúchtaí ar shochair amuigh, agus bhain 135 acu le scéimeanna calctha.
Athbhreithnithe comhlíonta ar scéimeanna	14	14*	12	*Rinneadh an tÚdarás athbhreithniú cuimsitheach (a tugadh isteach in 2014) ar mhaoirseacht agus ar riarachán 14 scéim agus a n-iontaobhaithe. Tá an ghníomhaíocht seo ag teacht leis na hiniúchtaí ar an láthair a dhéanann an tÚdarás ar riarthóirí cláraithe.
Athbhreithnithe ar thuarascálacha bliantúla soláthróirí CCSPanna	14	14*	14	*Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar 14 thuarascáil bhliantúla soláthróirí CCSPanna. Téann an tÚdarás i dteagmháil leis an soláthróir ábhartha agus lena Achtúire d'fhonn teacht ar réiteach ar aon mhionsáruithe atá nochta sa tuarascáil.
Líon na gcásanna a tuairiscíodh i ndáil le ranníocaíochtaí nár cuireadh chun sochair na scéime nó an CCSP	Gan sprioc	64*	Gan sprioc	*Cuireadh 64 iniúchadh nua ar bun le linn 2014 tar éis tuairiscí a fháil a líomhain nach raibh ranníocaíochtaí á gcur chun sochair na scéime nó an CCSP mar ba chóir.

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas in 2014	Táirgeacht in 2014	Sprioc/ ionchas in 2015	Míniú
Líon na n-ionchúiseamh ar cuireadh tús leo	Gan sprioc^	30*	Gan sprioc^	* Tugadh 30 cás ionchúisimh chun críche in 2014. D'éirigh leis an Údarás ciontuithe a bhaint amach i 19 gcás. Deonaíodh buntáiste an Achta Promhaidh ar na cosantóirí i gcúig chás eile agus scriosadh amach sé chás eile ós rud é gur íocadh na riaráistí a bhí amuigh. ^Ní chuirtear an dlí ar dhaoine ach amháin nuair is gá. Níl aon sprioc ann agus ní rachaidh an tÚdarás chun dlí ach amháin nuair is gá.
Sciar na scéimeanna reatha nach bhfuil aon riarthóir cláraithe ceaptha ina gcás.	4%	6%*	4%	* Ní bhaineann an figiúr seo ach le scéimeanna reatha amháin. Ar cheann de thosaíochtaí an Údaráis a leanfaidh ar aghaidh in 2015 ná a chinntiú go mbeidh riarthóir ag na scéimeanna uile a n-éilítear orthu riarthóir cláraithe a bheith acu.
Líon na scéimeanna a ndearnadh tograí maoinithe a49(3)b agus/nó iarratais laghdaithe sochair a50 a phróiseáil ina leith	50	61*	Gan sprioc^	*Fuair an tÚdarás 36 togra maoinithe (iarratais faoi alt 49(3B)) agus 25 iarratas faoi Alt 50 le linn 2014. ^I mí Mheán Fómhair 2014 bhí 61 scéim le sochar sainithe fós ann nach raibh in oiriúint leis an gcaighdeán maoinithe. Chuir an tÚdarás tús le próiseas reachtúil foirmeálta i dtaobh cumhachtaí Alt 50/50B a úsáid i gcoinne na scéimeanna neamhchomhlíontacha seo. Bhí pleananna téarnaimh chun an lámh in uachtar a fháil ar an easnamh ina scéimeanna fós amuigh ag 30 scéim ag deireadh mí Feabhra 2015. Leanfaidh an tÚdarás ag aghaidh ag plé leis na scéimeanna seo d'fhonn lán-chomhlíonadh a bhaint amach faoi dheireadh 2015.

Faisnéis agus treoir

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas in 2014	Táirgeacht in 2014	Sprioc/ ionchas in 2015	Míniú
Líon na bhfiosrúchán a ndearnadh plé leo	Gan sprioc	10,000*	Gan sprioc	* Bhain formhór na gceisteanna le nochtadh eolais, le dualgais iontaobhaithe, le caomhnú, leis an gcaighdeán maoinithe, agus le CCSPanna. Tá san áireamh anseo freisin ceisteanna faoi Chóras Idirghníomhach Faisnéis Scéimeanna an Údaráis (ISIS).

Eile

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas in 2014	Táirgeacht in 2014	Sprioc/ ionchas in 2015	Míniú
Tinreamh chomhaltaí an Údaráis	100%	100%	100%	

AGUISÍN III

Príomhtháscairí feidhmíochta

Éifeachtacht chorparáideach/eagraíochtúil					
Caiteachas iomlán an Údaráis i gcomparáid leis an meastachán buiséid	**2011**	**2012**	**2013**	**2014**	**2015**
Buiséad (€ milliún)	€6.4	€6.5	€5.9	€6.0	€6.2 m
Caiteachas iarbhír (€ milliún)	€5.7	€6.4	€5.7	€5.5	n/b
% difríocht	-10%	-1%	-3%	-8%	n/b
Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis ó thaobh na rialála, faisnéise agus treorach, agus comhairle ar pholasaithe de, mar atá mionsonraithe thíos, trí thagairt do na táscairí seo a leanas.					
Rialáil					
	Bunlíne		**Sprioc in 2015**		
Sciar de na scéimeanna le sochar sainithe a leanann ar aghaidh atá ag comhlíonadh an chaighdeáin maoinithe nó atá ag cloí le plean maoinithe arna chomhaontú[8]	42% (Nollaig 2010)		100%		
Faisnéis agus treoir					
	Bunlíne		**Sprioc in 2015**		
% de na páirtithe leasmhara a bhí sásta/an-sásta le cáilíocht na faisnéise agus an ábhair treorach a chuir an tÚdarás ar fáil	82% (Samhain 2011)		90%		
% de na freagróirí a bhí sásta/an-sásta le freagraí ar cheisteanna a fuair siad ón Údarás	65% (Samhain 2011)		80%		
Comhairle ar pholasaithe agus tacaíocht theicniúil					
	Bunlíne		Sprioc in 2015		
Déanfar éifeachtacht na bhfeidhmeanna comhairle ar pholasaithe a mheas ach cíoradh a dhéanamh ar an aiseolas a gheofar ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó ranna ábhartha eile.	Bhuail ionadaithe don Údarás leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis an Roinn Airgeadais, agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Eanáir 2012 lena mheas cé chomh sásta agus a bhí siad leis an gcomhairle ar pholasaithe a bhí á cur ar fáil ag an Údarás. Chuir na trí roinn in iúl go raibh siad sásta le feidhmeanna comhairle an Údaráis ar pholasaithe.		Is mór againn go leanann an tÚdarás dá bheith ina fhoinse comhairle atá inniúil, inchreidte, agus ábhartha don Aire, don Roinn Coimirce Sóisialaí, agus do Ranna ábhartha eile.		

AGUISÍN IV

Ionchúisimh a raibh an tÚdarás Pinsean páirteach iontu in 2014

Uimh.	Ainm an cháis	An t-alt bainteach d'Acht na bPinsean	Pionós
1	L. Behan & Sons Ltd	S58A(1)	Fíneáil €250
2	L. Behan & Sons Ltd	S18	Ciontaithe
3	Jeremiah Mullane agus Deirdre Mullane, stiúrthóirí Mullane Builders Ltd	S58A(1)	Fíneáil €500 ar an mbeirt acu
4	Jeremiah Mullane agus Deirdre Mullane, stiúrthóirí Mullane Builders Ltd	S18	Ciontaithe
5	Curran Road Markings	S18	Fíneáil €300
6	O.S. Sheetmetal Ltd Neil O'Shea, stiúrthóir O.S. Sheetmetal Ltd	S18	Fíneáil €1,250 Fíneáil €1,250
7	Loftus Civil Engineering Ltd Roy Loftus and Hilary Loftus, stiúrthóirí Loftus Civil Engineering Ltd	S58A(1)	Fíneáil €3,000 Gearradh fíneáil €3,000 ar an mbeirt acu
8	Niall Barry Plant Services Ltd	S18	Fíneáil €300
9	Michael Kealy, stiúrthóir Kewal Construction Ltd Kewal Construction Ltd Mary Bridget Wall, stiúrthóir Kewal Construction Ltd	S18	Fíneáil €200 Ciontaithe Ciontaithe
10	Michael Murray, stiúrthóir Murray Nolan Ltd Tom Nolan, stiúrthóir Murray Nolan Ltd	S58A(1)	Fíneáil €2,500 Fíneáil €2,500
11	Eftim Hurley, stiúrthóir Eftim Hurley Plant Hire Ltd *	S58A(1)	Díchuireadh ordú príosúnachta agus dearbhascadh fíneáil €500
12	Treetop Trading Ltd	S121	Fíneáil €600
13	Thomas Morris, stiúrthóir S.M. Morris Ltd ** Thomas Morris, stiúrthóir S.M. Morris Ltd **	S58A(1)	Gearradh téarma príosúin dhá bhliain ar fionraí orthu
14	Lynch Roofing Systems (Ballaghaderreen) Ltd	S58A(1)	Fíneáil €500
15	Acol Ltd Dermot Collier, stiúrthóir Acol Ltd	S58A(1)	Fíneáil €1,000 Fíneáil €2,000
16	Rinn Construction (Shannon) Ltd Leo McNulty, stiúrthóir Rinn Construction (Shannon) Ltd	S58A(1)	Fíneáil €500 Fíneáil €500
17	Thomas Walsh, stiúrthóir Spectron M & E Engineering Ltd (faoi leachtú)**	S58A(1)	Gearradh téarma príosúin trí bliana ar fionraí air, chomh maith le 150 uair an chloig den tseirbhís pobail
18	Paul Kendrick Decorators Ltd Paul Kendrick, stiúrthóir Paul Kendrick Decorators Ltd	S58A(1)	Ciontaithe Fíneáil €3,000
19	Paul Kendrick Decorators Ltd Paul Kendrick, stiúrthóir Paul Kendrick Decorators Ltd	S18	Ciontaithe Ciontaithe

* Achomhairc chun na Cúirte Dúiche
** Cás sa Chúirt Chuarda

AGUISÍN V

Ballraíocht i scéimeanna pinsin ceirde agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

Tábla 1: Líon na scéimeanna agus ballraíocht iontu amhail ar an 31 Nollaig 2014

Líon na scéimeanna agus ballraíocht iontu amhail ar an 31 Nollaig 2014								
Méid na Scéime	Le Ranníocaíocht Shainithe		Le Sochar Sainithe				Gach Scéim	
			Faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe		Nach bhfuil faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe			
	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha
Calctha	n/b	n/b	164	0	0	0	164	0
Á fhoirceannadh	n/b	n/b	58	0	0	0	58	0
Nach grúpa	50,401	50,401	6	6	3	3	50,410	50,410
1 go dtí 50	10,281	61,847	336	5,669	37	666	10,654	68,182
51 go dtí 99	298	20,845	60	4,471	14	1,043	372	26,359
100 go dtí 500	271	55,318	103	25,355	26	6,041	400	86,714
501 go dtí 1000	35	23,382	29	19,481	5	5,101	69	47,964
1001+	23	51,468	22	84,895	23	317,035	68	453,398
Iomlán in 2014	61,309	263,261	778	139,877	108	329,889	62,195	733,027
Iomlán in 2013	61,123	241,317	890	167,211*	108	328,435	62,121	736,963
Athrú ó 2013	**186**	**21,944**	**-112**	**-27,334**	**0**	**1,454**	**74**	**-3,936**

*Coigeartaíodh figiúirí iomlána 2013 maidir le scéimeanna le sochar sainithe a bhí faoi réir an chaighdeáin maoinithe trí na huimhreacha ballraíochta a bhain le scéimeanna a bhí calctha agus á gcur chun críche a scriosadh amach ionas go bhféadfar iad a chur i gcomparáid le figiúirí 2014.

Tábla 2: CCSPanna amhail ar an 31 Nollaig 2014

	Deireadh 2014	Deireadh 2013	Athrú
Líon iomlán na gconarthaí	226,605	215,892	10,713
Gnáthchonarthaí CCSP	169,000	161,834	7,166
Conarthaí CCSP nach gnáth-chonarthaí iad	57,605	54,058	3,547
Iomlán na sócmhainní:	€4.66 billiún	€3.99 billiún	€0.67 billiún

An tÚdarás Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Íosghlao: 1890 65 65 65

www.antudaraspinsean.ie

ISSN 1649 8690